CINNEADH (AE) 2020/287 ÓN GCOMHAIRLE

an 27 Feabhra 2020

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sna Coistí ábhartha de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann leis na tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin de chuid na Náisiún Aontaithe Uimh. 10, 26, 28, 46, 48, 51, 55, 58, 59, 62, 79, 90, 106, 107, 110, 117, 121, 122, 128, 144, 148, 149, 150, 151 agus 152 de chuid na Náisiún Aontaithe, maidir leis na tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Theicniúla Dhomhanda Uimh. 3, 6, agus 16, i dtaca leis na tograí le haghaidh údaruithe chun leasuithe a dhéanamh ar Rialachán Comhdhlúithe R. E.5 a dhéanamh agus maidir leis na tograí le haghaidh údaruithe chun leasú a fhorbairt ar RTD Uimh. 6 agus RTD nua a fhorbairt maidir le Cumhacht Feithiclí Leictrithe a chinneadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 97/836/CE ([1]) ón gComhairle, d'aontaigh an tAontas Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CENAE) maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha, trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha agus maidir leis na coinníollacha le haghaidh aitheantas frithpháirteach i gcás ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Leasaithe 1958'). Comhaontú Athbhreithnithe 1958, tháinig sé i bhfeidhm an 24 Márta 1998.

(2) Trí Chinneadh 2000/125/CE ón gComhairle ([2]) d'aontaigh an tAontas leis an gComhaontú maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i gcomhair feithiclí rothacha, trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha (an "Comhaontú Comhthreomhar"). Tháinig an Comhaontú Comhthreomhar i bhfeidhm an 15 Feabhra 2000.

(3) De bhun Airteagal 1 de Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 agus Airteagal 6 den Chomhaontú Comhthreomhar, i dtaca leis na tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin de chuid na Náisiún Aontaithe arna nglacadh faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 (Rialacháin de chuid na Náisiún Aontaithe) Uimh. 10, 26, 28, 46, 48, 51, 55, 58, 59, 62, 79, 90, 106, 107, 110, 117, 121, 122, 128, 144, 148, 149, 150, 151 agus 152, na tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Theicniúla Dhomhanda (RTD) Uimh. 3, 6, agus 16, an togra le haghaidh leasuithe ar Rún Comhdhlúite R.E.5, agus na tograí le haghaidh údaruithe chun leasú ar RTD Uimh. 6 a fhorbairt agus RTD nua a fhorbairt i dtaca le Cumhacht Feithiclí Leictrithe (DEVP) a chinneadh, féadfaidh an Fóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip UNECE (WP.29) iad a ghlacadh, mar is infheidhme.

(4) Tá WP.29, le linn an 180ú seisiún den Fhóram Domhanda a thionólfar idir an 10 agus an 12 Márta 2020, leis na gníomhartha thuas a ghlacadh i ndáil leis na forálacha riaracháin agus na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha maidir le ceadú agus RTDannale haghaidh feithiclí rothacha, trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha.

(5) Is iomchuí an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais a leagan síos in WP.29 a mhéid a bhaineann le tograí a ghlacadh le haghaidh Rialacháin de chuid na Náisiún Aontaithe, mar go mbeidh Rialacháin de chuid na Náisiún Aontaithe ceangailteach agus féadfaidh siad tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais i réimse an chineálcheadaithe feithicle.

([1]) Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontóidh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha, trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha agus maidir leis na coinníollacha le haghaidh aitheantas frithpháirteach i gcás ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Leasaithe 1958') (IO L 346, 17.12.1997, lch. 78).

([2]) Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle an 31 Eanáir 2000 maidir leis an gComhaontú a thabhairt i gcrích i ndáil le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i gcomhair feithiclí rothacha, trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('Comhaontú Comhthreomhar') (IO L 35, 10.2.2000, lch. 12).

(6) Le Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) cuireadh nós imeachta ceadaithe an Aontais in ionad chórais cheadaithe na mBallstát agus leagadh síos creat comhchuibhithe ina bhfuil forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla ghinearálta maidir le gach feithicil, córas, comhpháirt nua agus gach aonad teicniúil ar leithligh. Rinne an Treoir sin ('Rialacháin de chuid na Náisiún Aontaithe') a ionchorprú i gcóras cineálcheadaithe an Aontais Eorpaigh, mar cheanglais maidir le cineálcheadú nó mar roghanna malartacha ar reachtaíocht an Aontais. Ó glacadh Treoir 2007/46/CE, tá méadú ag teacht ar an líon rialachán de chuid na Náisiún Aontaithe atá á n-ionchorprú i reachtaíocht an Aontais.

(7) I bhfianaise taithí agus forbairtí teicniúla, na ceanglais a bhaineann le heilimintí nó gnéithe áirithe a chumhdaítear le Rialacháin de chuid na Náisiún Aontaithe Uimh. 10, 26, 28, 46, 48, 51, 55, 58, 59, 62, 79, 90, 106, 107, 110, 117, 121, 122, 128, 144, 148, 149, 150, 151 agus 152, is gá iad a leasú nó a fhorlíonadh. Ina theannta sin, is gá forálacha áirithe i GTR Uimh. 3, 6, agus 16 a mhodhnú. Ar deireadh, na leasuithe ar Rún Comhdhlúithe R.E.5 agus na húdaruithe chun leasú ar RTD Uimh 6 a fhorbairt agus RTD nua a fhorbairt maidir le (DEVP) a chinneadh, is gá iad a ghlacadh.

(8) Doiciméad oibre ECE/TRANS/WP.29/2020/25 de chuid WP.29, baineann sé le togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhann le Rialachán Uimh. 144 de chuid na Náisiún Aontaithe (Córais Ghlaonna Éigeandála i gcás Timpiste), agus níl sé réidh le cur chun vóta in WP.29.

(9) Doiciméad oibre ECE/TRANS/WP.29/2020/2 de chuid WP.29, baineann sé le togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhann le sraith leasuithe 08 ar Rialachán Uimh. 9 de chuid na Náisiún Aontaithe (Torann ó fheithiclí trí roth). Ós rud é nach bhfuil forálacha aonfhoirmeacha Rialachán Uimh. 9 de chuid na Náisiún Aontaithe á gcur i bhfeidhm ag an Aontas, ní gá seasamh an Aontais a leagan síos maidir le togra ECE/TRANS/WP.29/2020/2.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is éard atá sa seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in WP.29 le linn an 180ú seisiún a thionólfar idir an 10 agus an 12 Márta 2020, vótáil i bhfabhar na dtograí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a bheidh sé.

Airteagal 2

Is éard atá sa seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in WP.29 le linn an 180ú seisiún a thionólfar idir an 10 agus an 12 Márta 2020, vótáil i gcoinne an togra le haghaidh Forlíonadh 2 a ghabhann le Rialachán Uimh. 144 de chuid na Náisiún Aontaithe (Córais Ghlaonna Éigeandála i gcás Timpiste, doiciméad oibre ECE/TRANS/WP.29/2020/25).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Feabhra 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
D. HORVAT

([3]) Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena leagtar síos creat le haghaidh ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe do na feithiclí sin (Treoir Réime) (IO L 263, 9.10.2007, lch. 1).

IARSCRÍBHINN

Rialachán Uimh.	Teideal mhír an chláir oibre	Tagairt do dhoiciméad [1]
10	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhann le sraith leasuithe 06 de Rialachán Uimh. 10 de chuid NA (comhoiriúnacht leictreamaighnéadach)	ECE/TRANS/WP.29/2020/30
26	Togra le haghaidh sraith leasuithe 04 de Rialachán Uimh. 26 de chuid NA (starráin sheachtracha ar ghluaisteáin phaisinéirí)	ECE/TRANS/WP.29/2020/26
26	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhann le sraith leasuithe 03 de Rialachán Uimh. 26 de chuid NA (starráin sheachtracha ar ghluaisteáin phaisinéirí)	ECE/TRANS/WP.29/2020/15
28	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 6 a ghabhann leis an tsraith bhunaidh leasuithe de Rialachán Uimh. 28 de chuid NA (feistí rabhaidh inchloiste)	ECE/TRANS/WP.29/2020/3
46	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 7 a ghabhann le sraith leasuithe 04 de Rialachán Uimh. 46 de chuid NA (feistí amhairc neamhdhírigh)	ECE/TRANS/WP.29/2020/16
46	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 8 a ghabhann le sraith leasuithe 04 de Rialachán Uimh. 46 de chuid NA (feistí amhairc neamhdhírigh)	ECE/TRANS/WP.29/2020/17
48	Togra le haghaidh shraith nua leasuithe 07 de Rialachán Uimh. 48 de chuid NA (suiteáil feistí soilsiúcháin agus feistí solaschomharthaíochta)	ECE/TRANS/WP.29/2020/36, WP.29-180-07
51	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 6 a ghabhann le sraith leasuithe 03 de Rialachán Uimh. 51 de chuid NA (torann ó fheithiclí i gcatagóirí M agus N)	ECE/TRANS/WP.29/2020/4
55	Togra le haghaidh sraith leasuithe 02 de Rialachán Uimh. 55 de chuid NA (cúpláin mheicniúla)	ECE/TRANS/WP.29/2020/27
58	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhann le sraith leasuithe 03 de Rialachán Uimh. 58 de chuid NA (feistí cosanta fochrochta cúil)	ECE/TRANS/WP.29/2020/19
59	Togra le haghaidh sraith nua leasuithe 03 de Rialachán Uimh. 59 de chuid NA (córais thosta athsholáthair)	ECE/TRANS/WP.29/2020/7
62	Togra le haghaidh shraith leasuithe 01 a ghabhann le Rialachán Uimh. 62 (feistí frithghadaíochta (móipéidí/gluaisrothair))	ECE/TRANS/WP.29/2020/28
79	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhann le sraith leasuithe 03 de Rialachán Uimh. 79 de chuid NA (trealamh stiúrtha)	ECE/TRANS/WP.29/2020/11
90	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 5 a ghabhann le sraith leasuithe 02 de Rialachán Uimh. 90 de chuid NA (comhpháirteanna athsholáthair coscán)	ECE/TRANS/WP.29/2020/8
106	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 18 a ghabhann leis an tsraith bhunaidh leasuithe de Rialachán Uimh. 106 de chuid NA (boinn le haghaidh feithiclí talmhaíochta)	ECE/TRANS/WP.29/2020/5
107	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 9 a ghabhann le sraith leasuithe 06 de Rialachán Uimh. 107 de chuid NA (feithiclí M2 agus M3)	ECE/TRANS/WP.29/2020/12

Rialachán Uimh.	Teideal mhír an chláir oibre	Tagairt do dhoiciméad [1]
107	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhann le sraith leasuithe 07 de Rialachán Uimh. 107 de chuid NA (feithiclí M2 agus M3)	ECE/TRANS/WP.29/2020/13
107	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 3 a ghabhann le sraith leasuithe 08 de Rialachán Uimh. 107 de chuid NA (feithiclí M2 agus M3)	ECE/TRANS/WP.29/2020/14
110	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhann le sraith leasuithe 04 de Rialachán Uimh. 110 de chuid NA (feithiclí gáis nádúrtha chomhbhrúite agus gáis nádúrtha leachtaithe)	ECE/TRANS/WP.29/2020/20
110	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhann le sraith leasuithe 04 de Rialachán Uimh. 110 de chuid NA (feithiclí gáis nádúrtha chomhbhrúite agus gáis nádúrtha leachtaithe)	ECE/TRANS/WP.29/2020/21
117	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 11 a ghabhann le sraith leasuithe 02 de Rialachán Uimh. 117 de chuid NA (friotaíocht rollta bonn, torann rollta agus fliuchghreim)	ECE/TRANS/WP.29/2020/6
121	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhann le sraith leasuithe 01 de Rialachán Uimh. 121 de chuid NA (sainaithint rialaitheoirí, nodchomharthaí agus táscairí)	ECE/TRANS/WP.29/2020/22
122	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 6 a ghabhann le Rialachán Uimh. 122 (córais téimh)	ECE/TRANS/WP.29/2020/23
128	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 10 a ghabhann leis an leagan bunaidh de Rialachán Uimh. 128 de chuid NA	ECE/TRANS/WP.29/2020/31
144	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 144 (córais ghlaoite éigeandála um thionóiscí)	ECE/TRANS/WP.29/2020/24
144	Togra le haghaidh shraith leasuithe 01 a ghabhann le Rialachán Uimh. 144 (córais ghlaoite éigeandála um thionóiscí)	ECE/TRANS/WP.29/2020/29
148	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhann leis an tsraith bhunaidh de Rialachán Uimh. 148 de chuid NA maidir le feistí solaschom-harthaíochta (LSD)	ECE/TRANS/WP.29/2020/32
149	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhann leis an tsraith bhunaidh de Rialachán Uimh. 149 de chuid NA maidir le feistí soilsiúcháin bóithre	ECE/TRANS/WP.29/2020/33
150	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhann leis an tsraith bhunaidh de Rialachán Uimh. 150 de chuid NA maidir le feistí ais-fhrithchaite	ECE/TRANS/WP.29/2020/34
151	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 151 (córais faisnéise um chaochspotaí)(BSIS)	ECE/TRANS/WP.29/2020/18, WP.29-180-05
152	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 152 (AEBS le haghaidh feithiclí i gcatagóirí M1 agus N1)	ECE/TRANS/WP.29/2020/9
152	Togra le haghaidh shraith leasuithe 01 a ghabhann le Rialachán Uimh. 152 (AEBS le haghaidh feithiclí i gcatagóirí M1 agus N1)	ECE/TRANS/WP.29/2020/10

[1] Tá na doiciméid go léir dá dtagraítear sa tábla ar fáil ag: http://www.unece.org/trans/main/wp29/wp29wgs/wp29gen/gen2020.html

Uimh. GTR	Teideal mhír an chláir oibre	Tagairt do dhoiciméad
3	Togra le haghaidh Leasú 4 ar GTR Uimh. 3 (coscánú gluaisrothair)	ECE/TRANS/WP.29/2020/47
	Togra le haghaidh tuarascáil theicniúil faoi Leasú 4 ar GTR Uimh. 3 (coscánú gluaisrothair)	ECE/TRANS/WP.29/2020/48
	Údarú chun leasuithe ar GTR Uimh. 3 a fhorbairt	ECE/TRANS/WP.29/AC.3/47
6	Togra le haghaidh Leasú 2 ar GTR Uimh. 6 (gloiniú sábháilteachta)	ECE/TRANS/WP.29/2020/43
	Togra le haghaidh tuarascáil theicniúil faoi Leasú 2 ar GTR Uimh. 6 (gloiniú sábháilteachta)	ECE/TRANS/WP.29/2020/44
	Údarú chun leasuithe ar GTR Uimh. 6 a fhorbairt	ECE/TRANS/WP.29/AC.3/52
6	Togra le haghaidh Leasú 3 ar GTR Uimh. 6 (gloiniú sábháilteachta)	ECE/TRANS/WP.29/2020/45
	Togra le haghaidh tuarascáil theicniúil faoi Leasú 3 ar GTR Uimh. 6 (gloiniú sábháilteachta)	ECE/TRANS/WP.29/2020/46
	Údarú chun leasú ar GTR Uimh. 6 a fhorbairt	ECE/TRANS/WP.29/AC.3/52
16	Togra le haghaidh Leasú 2 ar GTR Uimh. 16 (Boinn)	ECE/TRANS/WP.29/2020/41
	Togra le haghaidh tuarascáil theicniúil faoi Leasú 2 ar GTR Uimh. 16 (boinn)	ECE/TRANS/WP.29/2020/42
	Údarú chun leasuithe ar GTR Uimh. 6 a fhorbairt	ECE/TRANS/WP.29/A-C.3/48/Rev.1

Uimh. Rúin	Teideal mhír an chláir oibre	Tagairt do dhoiciméad
R.E.5	Togra le haghaidh leasú 5 ar an Rún Comhdhlúite maidir leis an tsonraíocht choiteann le haghaidh catagóirí foinsí solais (R.E.5)	ECE/TRANS/WP.29/2020/37

Nithe Ilghnéitheacha	Teideal mhír an chláir oibre	Tagairt do dhoiciméad
	Údarú chun leasú ar GTR a fhorbairt (gloiniú sábháilteachta)	ECE/TRANS/WP.29/AC.3/55
	Údarú Athbhreithnithe chun GTR	ECE/TRANS/WP.29/A-C.3/53/Rev.1